Snáithe: **Ealaín**

Téama: **Mo dhearcadhsa**



## Torthaí Foghlama:

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**1.1** anailís a dhéanamh ar a chuid oibre, nó ar obair duine eile, leis an bhfoclóir agus leis an eolas cuí

**1.4** taispeáint conas a úsáideann sé líníocht chun an fhíor dhaonna agus an domhan mórthimpeall air a bhreathnú, a thaifeadadh agus a anailísiú

**1.6** líníochtaí a úsáid chun a dhearcadh nó a thuiscint phearsanta a chur in iúl

**1.7** modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú

**1.12** a thuiscint ar na gnéithe ealaíne agus ar na prionsabail deartha a chur i bhfeidhm chun saothar ealaíne a dhéanamh

**1.14** meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú

## Tasc

D'úsáid an scoláire "Mo dhearcadhsa" mar spreagthach agus bhunaigh a chuid oibre ar an tírdhreach áitiúil.

## Am

10 seachtaine

## Cúlra:

Ba é príomhfhócas na scéime go n-aithneodh an scoláire na difríochtaí idir meáin phastail cailce agus olaphastail agus na teicnící difriúla a úsáidtear chun iad a chur i bhfeidhm a fhoghlaim.

Bhreathnaigh an scoláire ar thon ina ghrianghraf dubh agus bán den tírdhreach, agus scrúdaigh é, agus léirigh é i monaton le pastail chailce. Spreagadh an scoláire lena shamhlaíocht/chead mar ealaíontóir a úsáid don leagan amach agus chun gnéithe a chur leis.

Rinne an scoláire anailís ar an gcaoi a léirigh ealaíontóirí difriúla tírdhreacha an tírdhreach. Ag eascairt as an taighde sin, roghnaigh sé ealaíontóir amháin bunaithe ar an úsáid a bhain sé as teicníc nó dathanna mar spreagadh.

Ansin roghnaigh an scoláire grianghraf amháin ó thuras scoile a bhí aige ina thírdhreach áitiúil. Rinneadh an rogha sin bunaithe ar a chomhdhéanamh láidir. Úsáideadh an grianghraf sin mar spreagadh don scoláire chun tírdhreach olaphastail a chruthú. Rinne an scoláire níos mó trialacha arís le teicnící uigeachta agus cumaisc bunaithe ar an ngrianghraf roghnaithe. Ar deireadh, bunaithe ar a thaighde, ghrianghraif, sceitsí agus obair sna meáin, d'fhorbair an scoláire an saothar ab fhearr leis ina chholláis.

**Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta**

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

**Nótaí an mhúinteora:**

Léirigh an scoláire cumas breathnú ar a thírdhreach agus foghlaim faoin gcaoi ar fhreagair ealaíontóirí eile do thírdhreacha cosúil leis.

Léirigh an scoláire cumas maith oibre in olaphastal agus pastal cailce araon agus sna teicnící difriúla a úsáidtear chun na meáin sin a úsáid.

Thug an scoláire faoi gach céim den tionscadal, agus d'fhoghlaim uathu ar fad. D'úsáid sé an leabhar sceitseála Amharc-ealaíne chun nótaí a scríobh faoi na healaíontóirí agus a stíleanna, chomh maith le tráchtaireacht phearsanta agus trialacha garbha sna meáin a úsáid.

Chuaigh an scoláire i ngleic lena fhoghlaim i ngach céim agus léirigh sé an fhoghlaim sin de réir mar a d'fhorbair sé a shaothar thar thréimhse an tionscadail.

Tá na grianghraif go maith ach d'fhéadfaí a thábhachtaí atá siad a dhéanamh níos suntasaí sa leabhar sceitseála Amharc-ealaíne.

**Tuairisceoir a bronnadh:** Ag teacht leis na hionchais